D. Sampla de Chomhad do Mhúineadh na Gaeilge: Naíonáin Shinsearacha

Uimhir Scrúdaithe S.C.G.:

	1	2	3

MÚINEADH NA GAEILGE

Ainm an Iarrthóra:	*Seosamh Ó Braonáin*
Ainm na Scoile:	*Scoil Náisiúnta Naomh Eoin*
Seoladh na Scoile:	*Baile na hAbhann,*
	Co. Dhún na nGall.
Rang(anna):	*Naíonáin Shinsearacha*

Uimhir P.P.S.:

1	2	3	4	5	6	7	D

Uimhir Mhúinteora:

9	9	1	2	3	4	5	E

Deimhniú:

Deimhním gur mise, agus mise amháin, a rinne an obair sa Chomhad seo.

Síniú an Iarrthóra: *Seosamh Ó Braonáin*

Dáta: *6/2/07*

Don Oifig Amháin:

Eilimint den Ghné Phraiticiúil de Mhúineadh na Gaeilge	Córas Marcála	Marcanna a Bronnadh	
Scéim Bhliana	3		
Scéim Sheachtaine	3		
Ceacht Scríofa	3		
Múineadh	6		
Iomlán	15		

Síniú an Fheitheora: _____ **Faighte (dáta):** _____

SAMPLA

Scéim Bhliana don Ghaeilge

Ainm an Mhúinteora: Seosamh Ó Braonáin

Rang: Naíonáin Shinsearacha

Teanga bheo chumarsáide a bheidh sa Ghaeilge i mo sheomra ranga. Úsáidfear an Ghaeilge mar theanga chumarsáide laistigh agus lasmuigh de na ceachtanna foirmiúla Gaeilge. Beidh mé ag iarraidh go mbeidh teagmháil na bpáistí leis an nGaeilge chomh taitneamhach agus is féidir.
Beidh mé ag baint úsáide as cur chuige cumarsáideach i.e. beidh mé i gcónaí ag dul i dtreo na cumarsáide. Sna ceachtanna foirmiúla, beidh mé ag súil go mbeidh na páistí in ann úsáid a bhaint as an nGaeilge a bheidh á foghlaim acu chun cumarsáid a dhéanamh. Beidh mé ag súil fresin go mbeidh na páistí in ann úsáid a bhaint as an teanga sin lasmuigh de na ceachtanna foirmiúla. Dá bhrí sin, ní ábhar ar an gclár ama amháin a bheidh sa Ghaeilge. Beidh tábhacht ar leith ag baint le húsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge.

Úsáid Neamhfhoirmiúil na Gaeilge
Maidir le húsáid na Gaeilge mar theanga de, tabharfaidh mé dea-shampla do na páistí. Cloisfidh ná páistí mé ag labhairt Gaeilge leis an bPríomhoide, leis na múinteoirí eile agus le cuairteoirí eile chuig mo sheomra ranga. Bainfidh mé úsáid as an nGaeilge mar theanga chaidrimh. Is trí mheán na Gaeilge a bheannóidh mé do na páistí ar maidin ("Dia dhuit, a Aoife!"), a fhágfaidh mé slán leo sa tráthnóna ("Slán libh anois!"), a ghabhfaidh mé buíochas leo ("Go raibh maith agaibh!"), a mholfaidh mé iad ("Ar fheabhas, a Chaoimhín"), a cheartóidh mé iad ("Ná rithígí!") agus araile. Bainfidh mé úsáid as an nGaeilge mar theanga bhainisteoireachta ranga. Is trí mheán na Gaeilge a thabharfaidh mé gnáthorduithe an lae ("Faigh do chóipleabhar." "Seasaigí!" "Oscail an doras." "Siúlaigí!" "Tabhair amach an bainne." "Caith é sin sa bhosca bruscair."). Cabhróidh mé leis na páistí agus spreagfaidh mé iad, na gnáthrúdaí a bhíonn le rá acu, go neamhfhoirmiúil i rith an lae, a rá trí mheán na Gaeilge ("Go raibh maith agat!" "Tá brón orm." "An bhfuil cead agam dul amach?" "Slán!").
Beidh mé ag faire amach i gcónaí d'ócáidí i rith an lae ina mbeidh mé in ann na páistí a spreagadh le húsáid neamhfhoirmiúil a bhaint as an nGaeilge a bheidh á foghlaim acu sna ceachtanna foirmiúla ("Is maith liom bainne." "Tá úll agam."). Beidh go leor fógraí Gaeilge cumarsáideacha ar crochadh sa

SAMPLE

seomra ranga ("Dún an doras." "Croch suas do chóta." "Nigh do lámha." "Ná caith bruscar!" "Tóg leabhar.").

Na Ceachtanna Foirmiúla Gaeilge

Is trí mheán na Gaeilge, i gcónaí, a bheidh mé ag múineadh. Beidh mé ag iarraidh go mbeidh na ceachtanna Gaeilge chomh taitneamhach agus is féidir. Roghnóidh mé Topaicí a bhaineann leis an Téamaí go léir as an gCuraclam. Beidh tús áite ag Topaicí a bhaineann leis an bpáiste féin agus leis an scoil (mar shampla, Bréagáin, Mo Bhosca Lóin). Beidh na Snáitheanna, an Éisteacht agus an Labhairt, comhtháthaithe agus beidh deiseanna ag na páistí páirt a ghlacadh i réimse leathan de ghníomhaíochtaí taitneamhacha. Déanfaidh mé go leor amhrán leis na páistí, gníomhamhráin, go háirithe. Déanfaidh mé go leor rann freisin. Foghlaimeoidh na páistí na hamhráin, na rainn, agus na gníomhartha a théann leo, trí aithris a dhéanamh orm. Inseoidh mé scéalta do na páistí agus bainfidh mé úsáid go rialta as Leabhair Mhóra. Beidh deiseanna ag na páistí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eile Éisteachta, chomh maith, mar shampla, Éist agus Dathaigh, Éist agus Tarraing, Éist agus Lean na Treoracha. Cothóidh mé tuiscint trí úsáid a bhaint as geáitsí, m'aghaidh, mo ghuth agus réimse leathan d'áiseanna spreagúla, ina measc, fíorearraí (mar shampla, bianna agus éadaí), póstaeir, pictiúir, cártaí agus puipéid. Beidh mé ag baint úsáide as cur chuige cumarsáideach agus na modhanna múinte oiriúnacha, ina measc An Modh Díreach, Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí, An Modh Closamhairc agus Modh na Ráite. I ngach ceacht, beidh Feidhmeanna Teanga agam mar chuspóirí cumarsáide. Beidh trí thréimhse i ngach ceacht, An Tréimhse Réamhchumarsáide, An Tréimhse Cumarsáide agus An Tréimhse Iarchumarsáide. Beidh an bhéim ar an Labhairt ag méadú. Imreoidh na páistí go leor cluichí teanga (mar shampla, Cluiche Kim, Deir Ó Grádaigh, Céard atá sa Mhála?) mar gheall ar an taitneamh a thugann siad do na páistí agus mar gheall go mbíonn cumarsáid ar siúl iontu. Má dhéanann na páistí botúin agus iad ag labhairt, ní cheartóidh mé iad. Molfaidh mé a n-iarrachtaí. Beidh mé ag iarraidh go mbeidh na páistí chomh gníomhach agus is féidir sna ceachtanna. Bainfidh mé triail as obair bheirte. Déanfaidh mé dul siar go minic agus cothóidh mé leanúnachas ó lá go lá agus ó sheachtain go seachtain. Spreagfaidh mé na páistí, an Ghaeilge a fhoghlaimeoidh siad sna ceachtanna, a úsáid lasmuigh de na ceachtanna.

Ceangail le hÁbhair Eile

San Ealaín, sa Chorpoideachas agus sa Cheol, bainfidh mé úsáid as an nGaeilge. San Ealaín, nuair a bheidh mé ag taispeáint do na páistí céard a bheidh le déanamh acu, beidh mé in ann Gaeilge a úsáid. Sa Chorpoideachas,

SAMPLE

beidh mé in ann treoracha a thabhairt do na páistí i nGaeilge ("Bí ag léim!" "Seas ar do chos chlé." "Preab ar aghaidh." "Stop.") agus leanfaidh na páistí na treoracha trí aithris a dhéanamh ar mo gheáitsí. Sa Cheol, déanfaidh mé roinnt amhrán Gaeilge agus beidh mé in ann rudaí mar, "Tá sé sin go hálainn." "Níos airde." " A hAon, a Dó, a Trí!" a rá leo.

Measúnú

Go neamhfhoirmiúil, beidh súil ghéar á coimeád agam an t-am ar fad ar dhul chun cinn an ranga agus ar dhul chun cinn an pháiste aonair. Sa chomhthéacs sin, beidh tábhacht ar leith ag baint leis an tuiscint ar an teanga a bheidh mé ag iarraidh a chothú sna páistí (mar shampla, cumas an pháiste treoracha simplí a leanúint, laistigh agus lasmuigh den cheacht Gaeilge). Beidh sé tábhachtach, freisin, súil a choinneáil ar rannpháirtíocht an pháiste sna hamhráin agus sna rainn agus ar chumas an pháiste na cluichí teanga a imirt. Cabhróidh an t-eolas seo liom, cruth a chur ar na ceachtanna a bheidh le teacht agus rudaí a gcaithfear dul siar a dhéanamh orthu, a aithint. Beidh mé ag iarraidh a fháil amach, i gcónaí, an bhfuil an páiste in ann an Ghaeilge a úsáideann an páiste i suíomh amháin, a thraschur go suíomh eile. Beidh súil ghéar á coimeád agam, chomh maith, ar dhearcadh an pháiste aonair i leith na Gaeilge agus ar fhonn an pháiste úsáid a bhaint as an nGaeilge go neamhfhoirmiúil, lasmuigh de na ceachtanna Gaeilge.

Gníomhaíochtaí	Snáitheanna	
	Éisteacht	Labhairt
Amhráin	•	•
Rían	•	•
Scéalta	•	•
Éist agus Dathaigh	•	•
Éist agus Tarraing	•	•
Éist agus Lean na Treoracha	•	•
Ag Meaitseáil agus ag Labhairt	•	•
Ag Liostú	•	•
Obair Bheirte	•	•
Cluichí Teanga Cluiche Kim Cluiche Cuimhne	 • •	 • •

SAMPLA

Cluiche an Chóta	•	•
Céard atá sa Mhála?	•	•
Mím	•	•
Feicim le mo Shúilín	•	•
Cá bhfuil sé?	•	•
Cheannaigh mé	•	•
Deir Ó Grádaigh	•	•
Biongó	•	•

Feidhmeanna Teanga(Cúspóirí Cumarsáide): Na cinn atá aitheanta do Naíonáin Shóisearacha agus do Naíonáin Shinsearacha i gCuraclam na Gaeilge.

Amhráin
An Féidir Leat?
Ceithre Rón
Cúigear Fear
Timpeall Timpeall
Tá Duine agus Doras
Fear an Phoist
Tá Ocras Orm
Calóga Sneachta
Níl a Fhios Agam
Ceann, Gualainn, Glúin is Cos
Téigh a Chodladh!
Hócaí Pócaí

Rainn
Cnag ar an Doras
Tic Teaic Tiú
Lúrabóg Lárabóg
Slubar Slabar Slubar
Tá Nead ag an Éinín
Ólann Mise Bainne
Préachán Préachán
Istigh sa Zú
Buail do Bhosa
Clip Clop a Chapaillín
Is Maith Liom Bainne

Scéalta
Na Trí Bhéar
Na Trí Mhuc
Cochaillín Dearg
An Frog Prionsa
An Tornapa Mór
An Rí Midas agus Bua an Óir

Áiseanna
Fíorearraí (Bréagáin, Éadaí, Bianna, Bosca Lóin agus araile)
Póstaeir
Pictiúir
Pictiúrchártaí
Puipéid
Dhlúthdhioscaí Éisteachta
Téacsleabhar: [ainm an chinn atá ag na páistí]

SAMPLA

Scéim Sheachtaine don Ghaeilge

Ainm an Mhúinteora: Seosamh Ó Braonáin **Rang:** Naíonáin Shinsearacha

Seachtain: 5-9 Feabhra, 2007

Téama: Éadaí **Topaic:** An Líne Éadaigh

Feidhmeanna Teanga (Cuspóirí Cumarsáide)	**Teidil na gCeachtanna**	**Snáitheanna**	
		Éisteacht	**Labhairt**
• Aithint • Ceist a chur • Ceist a fhreagairt • Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh • Tuairisciú • Buíochas a ghabháil	**Lá 1:** Baill Éadaigh: Cluiche Kim	•	•
	Lá 2: Ag Cur Éadaigh ar an Líne	•	•
	Lá 3: Éist agus Tarraing na hÉadaí	•	•
	Lá 4: "Cuir ort do____".	•	•
	Lá 5: Dul Siar, "Cá bhfuil mo_____?"	•	•

Straitéis: Cluichí Teanga (Cluiche Kim, Cluiche Cuimhne, Cluiche an Chóta, Céard atá sa Mhála? Feicim le mo Shúilín), na páistí a bheith gníomhach, Amhrán: "Crochfaidh mé suas…", "Níl a Fhios Agam."
Áiseanna: Fíorearraí: geansaí, léine, carbhat, bríste, sciorta, stocaí, líne éadaigh, pionnaí, Póstaer "Éadaí", Puipéad, Dlúthdhiosca.
Measúnú: Súil ghéar ar thuiscint an pháiste, ar rannpháirtíocht, ar thaitneamh.
Ceangail le hÁbhair Eile: Tíreolaíocht (An Amsir – "fliuch", "tirim", "ag cur báistí"). Ealaín (dathanna).
Úsáid Neamhfhoirimiúil: "Bain díot/Cuir ort/Croch suas do chóta/hata/scaif/lámhainní." "Tá tú fliuch/tirim." "Tá sé ag cur báistí."

SAMPLA

Ceacht Gaeilge

Ainm an Mhúinteora: Seosamh Ó Braonáin **Rang:** Naíonáin Shinsearacha

Dáta: 6 Feabhra, 2007

Teideal an Cheachta: Ag Cur Éadaigh ar an Líne

Cuspóirí: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

1. éadaí éagsúla a aithint agus a ainmniú
2. orduithe/treoracha a thabhairt agus a leanúint
3. ceisteanna a fhreagairt
4. véarsa faoi éadaí a chanadh
5. éadaí ar líne a dhathú le treoracha ón múinteoir.

Áiseanna: fíorearraí: geansaí, léine, carbhat, bríste, sciorta, stocaí
mála,
líne éadaigh agus pionnaí (clothes pegs)
puipéad
[ainm théacsleabhar an pháiste, lch. xx].

An Tréimhse Réamhchumarsáide:
(dul siar)

- Rachaidh mé siar ar ainmneacha na mball éadaigh.
  M: "Taispeáin dom an geansaí/léine/carbhat/bríste/sciorta/na stocaí."
  P: "Seo_____"
  M: "Cuir do mhéar/lámh ar_____".
  M: "Cuir ort_____".
  M. "Céard atá ort?" P: "Tá_____orm."

(spreagadh/múscailt suime)

Imreoidh mé, "Céard atá sa Mhála?" leis na páistí.
M: "Cuir an geansaí/na stocaí...sa mhála"
M: "Anois! Inis dom céard atá sa mhála?"
P: "Tá léine/bríste...sa mhála."
M: "Cuir do lámh isteach sa mhála agus faigh an sciorta. Ná féach!"
P: "Tá an sciorta agam."
M: "Ceart nó mícheart?" P: "Ceart." Agus araile.

(ionchur teanga)

- Múinfidh mé an treoir seo, trí phuipéad a úsáid:
  M: "Croch suas do chóta ar an ráille."

SAMPLA

An Tréimhse Cumarsáide:

- Crochfaidh mé an líne éadaigh sa seomra ranga.
  M: "Seo líne."
- Déarfaidh mé:
  M: "Ba mhaith liom carbhat a chur ar an líne. Ó! Tá carbhat ag Ciara. Abair le Ciara an carbhat a chur ar an líne."

(úsáid na teanga)

M&P: "Croch suas an carbhat!"

- Ag an am céanna, canfaidh Ciara agus na páistí go léir.
  M&P: "Crochfaidh mé suas an carbhat x 3
  Tra-la-la-la-la-la-la-la."
- Mar an gcéanna le gach ball éadaigh eile.

An Tréimhse Iarchumarsáide:

(dul siar)

- Rachaimid siar ar na baill éadaigh.
  M: "Céard atá ar an líne?...Taispeáin dom an sciorta...Cuir do lámh/mhéar ar an léine..."
- Déarfaidh mé:
  M: "Oscail do leabhar Gaeilge ar an leathanach seo...
  Taispeáin dom an léine/an bríste..."

(daingniú)

- Múinfidh mé na dathanna, gorm, dearg, glas, buí, oráiste, dubh agus iarrfaidh mé:
  M: "Dathaigh an geansaí glas/an bríste gorm..."

(traschur go suíomh nua)

- Déarfaidh mé:
  M: "Ó! Féach! Tá an póstaer ar an urlár!"
  P: "Croch suas an póstaer!"

SAMPLA